

Beartas maidir le Stoc/Sócmhainní Seasta

Tá sé de fhreagracht ar gach scoil agus ionad a áirithiú go ndéantar maoin agus sócmhainní uile BOOÁCDL a chosaint agus a choimeád slán. Maidir leis sin, iarrann BOOÁCDL go ndéanfaí na hearraí stoic uile a thaifeadadh ar an leabhar stoic nuair a cheannaítear iad. Sanntar uimhir stoic uathúil do na hearraí stoic go léir, agus cuirtear ar an earra féin í.

Sainmhíniú ar Stoc

Sainmhíniú stoc mar mhíreanna trealaimh inaistrithe dar luach níos mó ná €300. Ní áirítear troscán ná feistis ná fearais, ná aon earraí eile a mheastar gur sócmhainní seasta iad. Ní áirítear aon stoc intomhalta ach an oiread e.g. stáiseanóireacht, miotal agus adhmaid a úsáidtear i ranganna, srl. Féadfar míreanna trealaimh eile dar luach faoi bhun €300 a chur san áireamh faoi lánrogha an Phríomhoide nó Bhainisteoir an Ionaid. Ba cheart míreanna trealaimh a mbíonn gá cothabháil agus seirbhísiú tréimhsiúil a dhéanamh orthu a chur san áireamh chomh maith e.g. múchtóirí dóiteáin, ardaitheoirí, srl.

Leabhar Stoic

Ní mór do na scoileanna agus na hionaid go léir a dhéanann earraí stoic a thaifeadadh leabhar stoic a choimeád. Coimeádtar an leabhar stoic laistigh den chóras Ceannach go hÍocaíocht agus sanntar earraí stoic don leabhar stoic nuair a fhaightear iad. Sanntar uimhir stoic uathúil do gach earra stoic tráth a admhála, agus caithfear an uimhir sin a chur ar an earra féin. Sanntar earraí stoic don seomra ina n-úsáidtear iad de ghnáth.

Lipéadú Stoic

Sanntar uimhir stoic uathúil do gach earra stoic, agus caithfear an uimhir sin a chur ar an earra féin. Bíonn uimhir stoic uathúil agus barrachód ar na lipéid féin chun stocáireamh a éascú. Ní mór lipéad a chur ar an earra stoic láithreach nuair a fhaigheann an scoil é. Tá íomhá den lipéad atá 2.5cm x 1cm le fáil in Aguisín I.

Ní mór an lipéad sin a úsáid i gcónaí agus ní féidir é a ordú ach ón gCeannoifig amháin.

Stoc a Dhiúscairt

I gcás ina ndéantar aon mhíreanna trealaimh a dhiúscairt, ní mór é sin a thaifeadadh ar an leabhar stoic. Féach ar an mBeartas maidir le Sócmhainní Seasta a Dhiúscairt.

Tuarascálacha Stoic

Tá sé ina bunspríoc inghnóthaithe ón Modúl Stoic tuarascálacha cruinne a chur ar fáil do na daoine sin a dhéanann iniúchtaí ar shuíomhanna, scoileanna agus coláistí. Déantar miondealú sa tuarascáil de réir an tseomra agus de réir na catagóire ionas go mbeidh an tlniúcháir ábalta an tuarascáil a phriontáil agus í a úsáid mar threochlár i gcomhair an Iníuchta. Tá colún bán sa tuarascáil freisin inar féidir leis

Bearatas Uimh.:	PL/028	Leagan Uimh.:	v1/2020
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le hÉifeacht ón Dáta:	17/02/2020
Faofa/Fordhearbhaithe ag an mBord	26/02/2020	Dáta an Athbhreithnithe:	16/02/2022

an Iniúchóir an stoc fisiceach a chur isteach. Féadfaidh an t-iniúchóir an modúl stoic a nuashonrú ag an suíomh/scoil/gcoláiste nó nuair a fhillfidh sé/sí ar an oifig.

Stocáireamh

Caithfidh gach scoil agus ionad in BOOÁCDL stocáireamh a dhéanamh uair sa bhliain ar a laghad. Déanfar an stocáireamh féin a éascú trí léitheoir optúil barrachód a úsáid. Úsáidfeadh é sin chun an barrachód ar gach earra stoic a scanadh agus déanfar an córas a nuashonrú go huathoibríoch leis. Caithfeadh aon earraí stoic a aithnítear nach bhfuil ar an gclár cheana féin a chur leis an gclár ina dhiaidh sin. Ní mór tuairisc a chur chuig an bPríomhfheidhmeannach maidir le haon earraí stoic nach bhfaightear.

Beartas Uimh.:	PL/028	Leagan Uimh.:	v1/2020
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le hÉifeacht ón Dáta:	17/02/2020
Faofa/Fordhearbhaithe ag an mBord	26/02/2020	Dáta an Athbhreithnithe:	16/02/2022

